**07_05.mp3**

**Téipscript Bileog 7.5**

Máire: Bhí an bia sin go deas, nach raibh?
Jan: Bhí sé ceart go leor. Cad é mar atá Cormac?
Máire: Tá sé go maith. An mbeidh caife agat?
Jan: Ní bheidh. B'fhearr liom tae.
Máire: Go breá!

Máire: Gabh mo leithscéal, cupán caife agus pota tae le do thoil!
Freastalaí: Cinnte. Ar mhaith leat caife bán nó dubh?
Máire: Caife bán, le do thoil. Go raibh maith agat.

Máire: An dtógann tú siúcra?
Jan: Tógaim.
Máire: Seo duit.
Jan: Go raibh maith agat.
Máire: An bhfuil tú ceart go leor?
Jan: Tá, tá cinnte. An bhfuil tú ag bualadh le Cormac arís?
Máire: Tuigim anois, a Jan. Tá muid cairdiúil go fóill, ach sin é.
Jan: Ceart go leor. Bainne, le do thoil?

**07_09.mp3**

**Téipscript Bileog 7.9**

Máire: Anois cad é a bheidh agaibh? A Mhuireann?
Muireann: Beidh an sailéad agamsa a Mháire agus an trosc.
Máire: A Sheáin?
Seán: Beidh an t-anraith agam ar dtús, ach is maith liom trosc agus uaineoil…ceart go leor, b'fhearr liom an uaineoil.
Máire: Go breá! Agus, cad é ba mhaith leatsa, a Jan?
Jan: Ba mhaith liomsa an t-anraith agus an trosc chomh maith.
Máire: Fadhb ar bith.

*Tá an príomhchúrsa críochnaithe:*

Máire: Beidh an sailéad torthaí agatsa, a Jan. Tá a fhios agam nach maith leat cáis. A Sheáin agus A Mhuireann, an sailéad torthaí nó cáis?
Seán: An pláta cáise agus caife le do thoil.
Muireann: An sailéad torthaí domsa agus cupán tae, le do thoil.

© CE Má Nuad

**07_14.mp3**

**Téipscript Bileog 7.14**

Freastalaí: An bhfuil sibh réidh le hordú?
Máire: Ní bheidh an chéad chúrsa agamsa. Beidh an chadóg agamsa led' thoil le sailéad in áit na sceallóga.
Freastalaí: Cinnte. Agus tú féin?
Jan: Ba mhaith liomsa an stobhach glasraí le do thoil. An bhfuil arán donn leis sin?
Freastalaí: Tá, arán donn an tí.
Jan: Go hiontach.
Freastalaí: Sin é?
Máire: An clár fíona le do thoil?
Freastalaí: Ó, tá brón orm. Bomaite amháin.
Jan: Buidéal fíon bán, an Chablis, le do thoil, agus crúiscín uisce.
Freastalaí: Cinnte.

**07_15.mp3**

**Téipscript Bileog 7.15**

Máire: Ar thaitin an béile leat?
Jan: Thaitin sé go mór liom. Bhí an stobhach an-bhlasta agus bhí an t-arán donn go maith. Ar thaitin sé leatsa?
Máire: Thaitin an áit liom agus thaitin na freastalaithe liom, ach caithfidh mé a rá nach raibh an chadóg chomh maith sin.
Jan: Nach raibh? Cén fáth?
Máire: Bhí sé beagáinín ródhéanta.

© OBMá Nuad